Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7571/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0068(NLE)**

**MAR 47**
***EMSA***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 132 final - ANNEX 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 132 final - ANNEX 2.

---

Faoi iamh: COM(2025) 132 final - ANNEX 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2025
COM(2025) 132 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt**

## IARSCRÍBHINN II

**Sonraíochtaí ó bhliain go bliain ar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt**

Roimh gach cruinniú bliantúil de Choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, tabharfar na céimeanna is gá ionas go n-áireofar sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gach faisnéis ábhartha arna seoladh chuig an gCoimisiún chomh maith le haon doiciméad atá le plé a thagann faoi inniúlacht an Aontais i gcomhréir leis na treoirphrionsabail agus na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin agus ar bhonn na faisnéise sin, seolfaidh seirbhísí an Choimisiúin doiciméad ullmhúcháin ina leagfar amach sonraí an tseasaimh atá beartaithe, in am trátha roimh chruinniú an Choiste um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, chuig an gComhairle nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin lena bhreithniú agus lena fhormheas.

Measfar go mbeidh comhaontú ann maidir leis an seasamh atá beartaithe a ghlacadh thar ceann an Aontais sa doiciméad ullmhúcháin mura gcuirfidh líon áirithe Ballstát ina aghaidh, líon is comhionann le mionlach blocála, le linn chruinniú chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle nó laistigh de 20 lá ó fuarthas an doiciméad ullmhúcháin, cibé acu is túisce. I gcás agóid den sórt sin, cuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle.